Taobh Tíre

Tuairisc 9

Lúnasa – Samhain 2005

Cúlra

Is é atá in *Taobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe* ná treoirthionscadal atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht struchtúrtha le gníomhaireachtaí agus coistí pobail eile. Tá tograí éiseamláireacha dea-chleachtais curtha ar bun agus tá seirbhísí leabharlainne á gcur ar fáil anois do roinnt pobal tuaithe agus iargúlta ar fud Dhún na nGall. (Féach tuairiscí roimhe seo). Leanfar leis an togra go dtí mí na Nollag 2005. Foilseofar tuairisc dheiridh le moltaí i lár 2006.

Ceantracha úra

Seoladh an suíomh úr i bhFán an Bhualtaigh i bhFánaid ar an 20 Deireadh Fómhair. Is comhlacht cláraithe é Halla Pobail Fhán an Bhualtaigh ar a dtugtar Halla Pobail Fhán an Bhualtaigh Teo. Tá dhá stiúrthóir déag ag an chomhlacht seo, agus achan duine acu ag déanamh ionadaíochta ar earnálacha éagsúla i measc an phobail, ms. faoi mhíchumas, feirmeoirí, lucht gnó, dífhostaithe srl.

Rinneadh obair ullmhúcháin le ceithre ionad úra a bhunú, ar a n-áirítear dhá ionad uirbeacha. Bunaíodh comhpháirtíochtaí le Tionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn agus le Tionscadal Óige Choill an Ghleanna. Ceannaíodh stoc agus cuireadh trealamh sa dá ionad. Cuirfear oiliúint ar fáil go luath i mí na Nollag, agus beidh seoltaí áitiúla ar siúl go luath i 2006.

Beidh Taobh Tíre ag obair le ADOPT *(Cumann Forbartha Phaiteagó agus Thulaigh Uí Thiomáin)* i bPaiteagó agus leis an tSeanbhearaic, An

Fál Carrach. Tá sráidbhaile Phaiteagó/Tulaigh Uí Thiomáin eisceachtúil sa mhéid is go bhfuil sé scoilte ina dhá leath ag an teorainn thuaidh/theas. Tá an pobal imeallaithe le tamall maith de bhlianta de bharr na coimhlinte ó thuaidh agus tá easpa forbartha ar an infrastruchtúr dá bhrí sin. Tá Paiteagó aitheanta ag Bainisteoireacht Forbartha Ceantair mar cheantar atá beo bocht agus faoi mhíbhuntáiste go mór. Bunófar Ionad Acmhainne Teaghlaigh sna míonna amach romhainn. Bunófar ionad seirbhíse san ionad seo agus is iad baill foirne an Ionaid Acmhainne úir a dhéanfaidh an t-ionad seirbhíse seo a reáchtáil. Beidh torthaí suimiúla ag éirí as an obair seo don Chlár Taighde cionn is gurb é seo an t-aon Ionad Acmhainne trasteorann in Éirinn.

Ar an Fhál Carrach beidh Taobh Tíre ag obair le Bainisteoirí na Seanbheairice. Tá an Fál Carrach ar cheann de na ceantracha deireanacha Gaeltachta i nDún na nGall. Is Ionad Acmhainne Cuairteora é an tSeanbheairic agus úsáidtear é mar áis don phobal áitiúil chomh maith, áit a mbíonn ranganna oíche de chuid an Choiste Gairmoideachais agus áit a dtig leis an phobal seirbhísí idirlín a úsáid. Tógadh an t-ionad i 1890 mar Bheairic Péas agus chomh maith le taispeántas buan de stair na beairice a chur ar fáil, déantar gach rud a bhaineann le teanga agus cultúr na hÉireann a chothú ann. Cuirfidh Taobh Tíre leis na seirbhísí atá ar fáil san ionad cheana féin trí bhlaschnuasach a chur ar fáil a mbeidh suim ag an phobal áitiúil ann.

Téacsáil

Cuireadh isteach bogearraí téacsála agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann i mí Mheán Fómhair. Ceannaíodh 10,000 creidmheas téacsála agus bunaíodh spriocghrúpa de dhéagóirí i mBaile Suingean le téacsanna a fháil maidir le hábhar a chur in áirithe nó maidir le

hábhar a bhí thar an am. Socraíodh go mbeadh an tseirbhís seo ar fáil do gach ball den leabharlann i 2006.

Bogearraí Tuairiscithe Idirlín

Cuireadh isteach bogearraí tuairiscithe idirlín i mí Mheán Fómhair fosta. Cuideoidh an bogearra seo le meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal mar go gcuirfidh sé staitisticí ar fáil maidir le húsáid webOPAC chun ábhar a chuardach, a iarraidh agus a athnuachan. Ag deireadh Lúnasa 2005, bhí 665 ball cláraithe le Taobh Tíre.

Fiafraigh den Leabharlannaí

Rinneadh an tseirbhís "Fiafraigh den Leabharlannaí" a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair. Is seirbhís idirlín í seo atá ar fáil ar shuíomh idirlín na leabharlainne (www.donegallibrary.ie). Trí chliceáil ar chnaipe Taobh Tíre is féidir le húsáideoirí logáil isteach lena n-uimhir chárta leabharlainne agus ceist a sheoladh chuig an leabharlann trí ríomhphost. Tá 5 ábhar aitheanta ar an fhoirm fhiosraithe (gnó, stair teaghlaigh, sláinte, litríocht, ceol) faoina dtig le húsáideoirí a gcuid ceisteanna a chur. Is féidir aon fhiosrú eile a chur faoin cheannteideal "Eile". Pléifear le hiarratais ar eolas taobh istigh de thrí lá oibre. Téann an tseirbhís seo céim amháin níos faide leis an bhac sóisialta agus tíreolaíochta ar shochaí an eolais a bhriseadh.

Faireachán agus Meastóireacht

Chuir Rannóg Taighde agus Polasaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall isteach an cur chuige agus an mhodheolaíocht, a cheadaigh an Fhoireann Bhainistíochta i mí Mheán Fómhair. Nuair a aontófar an maoiniú don mheastóireacht, thig leis an rannóg tús a chur leis an obair mheastóireachta.